C/2025/5872

31.10.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12138 — TATA MOTORS / IVECO GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5872)

1. An 23 Deireadh Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— TML Commercial Vehicles Limited ('TML', an India),

— Iveco Group N.V. (an Ísiltír).

Gheobhaidh TML rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Iveco Group ina iomláine, cé is moite den ghnó cosanta a oibríonn sé faoi na brandaí IDV agus ASTRA.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 30 Iúil 2025.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta Indiach é TML atá gníomhach ar fud an domhain san earnáil mótarfheithiclí, lena n-áirítear i ndearadh, monarú agus díol feithiclí tráchtála,

— Tá Iveco Group, cuideachta a thrádáiltear go poiblí ar Euronext Milano, gníomhach go háirithe i ndearadh, i dtáirgeadh agus i ndíol feithiclí tráchtála, amhail trucailí agus busanna, chomh maith le táirgí gléasra cumhachta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

(Cás M.12138 — TATA MOTORS / IVECO GROUP)

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.